C/2024/3869

19.6.2024

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 30 Aibreán 2024

i ndáil le Rialachán agus Treoir atá beartaithe maidir le seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid

(CON/2024/13)

(C/2024/3869)

Réamhrá agus bunús dlí

An 18 Meán Fómhair 2023 agus an 14 Márta 2024, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar thuairim maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ([1]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe' anseo feasta) agus ar thuairim maidir le togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa Mhargadh Inmheánach agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2015/2366/AE agus Treoir 2009/110/CE ([2]) (dá ngairtear an 'treoir atá beartaithe' anseo feasta, mar aon leis an rialachán atá beartaithe, na 'gníomhartha atá beartaithe').

Tá inniúlacht BCE chun tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ós rud é gur forálacha a thagann faoi réimsí inniúlachta BCE na gníomhartha atá beartaithe, go háirithe (1) beartas airgeadaíochta a shainiú agus a chur chun feidhme de bhun Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, den Chonradh; (2) oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn de bhun Airteagal 127(2), an ceathrú fleasc, den Chonradh; (3) rannchuidiú le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann, inter alia, le cobhsaíocht chóras an mhargaidh airgeadais de bhun Airteagal 127(5) den Chonradh; (4) na cúraimí a thugtar do BCE maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa de bhun Airteagal 127(6) den Chonradh; agus (5) ceart BCE eisiúint nótaí bainc euro a údarú de bhun Airteagal 128(1) den Chonradh.

I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1 Is díol sásaimh do BCE na gníomhartha atá beartaithe, arb é is aidhm dóibh cabhrú le margadh uile-Aontais do sheirbhísí íocaíochta a fhorbairt tuilleadh, rud a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí agus rannpháirtithe sa mhargadh tairbhe iomlán a bhaint as an margadh inmheánach, agus timpeallacht na n-íocaíochtaí miondíola atá ag forbairt go tapa á cur san áireamh freisin.

1.2 Is díol sásaimh do BCE aidhmeanna na ngníomhartha atá beartaithe (1) cearta úsáideoirí agus cosaint ar chalaois a neartú; (2) iomaíochas na seirbhísí baincéireachta oscailte a fheabhsú; (3) feabhas a chur ar fhorfheidhmiú agus ar chur chun feidhme sna Ballstáit; agus (4) feabhas a chur ar an rochtain atá ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ar chórais íocaíochta agus ar chuntais bhainc. Is díol sásaimh do BCE freisin go rannchuidítear leis na gníomhartha atá beartaithe le simpliú riaracháin trí na córais do dhá chineál SSIanna neamhbhainc (institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid) a bhí i bpíosaí éagsúla reachtaíochta go dtí seo, a thabhairt le chéile. Ina theannta sin, is díol sásaimh do BCE go bhfuil bearta sna gníomhartha atá beartaithe chun feabhas a chur ar chearta tomhaltóirí agus ar fhaisnéis do thomhaltóirí, agus go bhfuil cuimsiú airgeadais do dhaoine atá faoi mhíchumas agus daoine eile a mbíonn deacrachtaí acu fíordheimhniú láidir custaiméara a úsáid, san áireamh. Is díol sásaimh do BCE freisin go bhfuil bearta sna gníomhartha atá beartaithe chun infhaighteacht airgid thirim a fheabhsú.

1.3 Thairis sin, tacaíonn BCE go láidir, go háirithe, leis na haidhmeanna seo a leanas de chuid na ngníomhartha atá beartaithe: (1) fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm níos mó agus síneadh a chur leis an Uimhir Idirnáisiúnta Cuntas Bainc (IBAN)/fíorú ainm an íocaí chuig gach aistriú creidmheasa (nach raibh beartaithe ar dtús ach le haghaidh íocaíochtaí meandracha); (2) oibleagáid a thabhairt isteach do SSIanna is riarthóir cuntas (ASPSPanna) comhéadan tiomnaithe a chur ar bun le haghaidh rochtain ar shonraí; (3) comhchuibhiú agus

([1]) COM(2023) 367 final.
([2]) COM(2023) 366 final.

forfheidhmiú níos fearr roinnt forálacha atá ann cheana i dTreoir 2015/2366/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) (dá ngairtear 'an dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta' nó 'PSD2' anseo feasta) trí rialachán atá infheidhme go díreach a thabhairt isteach; agus (4) comhtháthú beartaithe na gcóras ceadúnúcháin le haghaidh institiúidí íocaíochta agus ríomh-airgid.

1.4 Is fiú a thabhairt ar aird gur ghlac comhreachtóirí an Aontais Rialachán (AE) 2024/886 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le déanaí ([4]), ar ghlac BCE tuairim ina leith roimhe sin mar fhreagairt ar iarraidh ar chomhairliúchán ar leithligh ón bParlaimint ([5]), agus go bhfuil an Rialachán sin ábhartha maidir le gnéithe áirithe atá sa treoir atá beartaithe. Go háirithe, le Rialachán (AE) 2024/886 leasaítear Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) (dá ngairtear an 'Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta' anseo feasta) trí chatagóirí na rannpháirtithe i gcórais faoin Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta ([7]) a leathnú chun institiúidí íocaíochta ([8]) agus institiúidí ríomh-airgid a áireamh ([9]). Áirítear leasú inchomparáide ar an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta sa treoir atá beartaithe, leasú a bhfuil sé mar rún soiléir aige catagóirí na n-institiúidí atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i gcórais íocaíochta a leathnú ([10]). Ós rud é go ndeachthas i gcomhairle le BCE maidir leis an togra seo i gcomhthéacs na treorach atá beartaithe, tabharfaidh BCE barúil faoin bpointe áirithe sin faoi chuimsiú na tuairime seo.

1.5 Is díol sásaimh do BCE na leasuithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta lena mbeartaítear leathnú a dhéanamh ar chatagóirí na rannpháirtithe atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i gcórais íocaíochta arna n-ainmniú chun críocha an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta. Go háirithe, is díol sásaimh do BCE na hiarrachtaí chun cothrom iomaíochta a bhaint amach idir bainc agus SSIanna neamhbhainc trína áirithiú go gcuirfidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin raon iomlán seirbhísí íocaíochta ar fáil gan spleáchas ar bhainc chun idirbhearta íocaíochta a phróiseáil agus a shocrú. Ar an gcaoi chéanna, tacaíonn BCE i bprionsabal leis an ngá go mbeadh rialacha oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha agus comhréireacha maidir le rochtain ar chórais íocaíochta i bhfeidhm ag gach oibreoir córais íocaíochta, mar aon le soiléirithe maidir le nósanna imeachta um ligean isteach agus measúnú riosca. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach nár cheart rochtain ar chórais íocaíochta a dheonú ach amháin má tá na ceanglais uile is gá maidir le maolú riosca i bhfeidhm, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh. D'áiritheofaí leis sin nach gcruthódh rochtain dhíreach níos leithne tionchair i ndáil le riosca agus athléimneacht na gcóras íocaíochta agus socraíochta. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforbraíonn an tEurochóras na critéir maidir le rochtain ar chóras TARGET arna oibriú ag an Eurochóras. Ina theannta sin, tugann BCE dá aire go bhféadfaí coimirciú a dhéanamh i gcuntas bainc ceannais faoi rogha an bhainc ceannais, a bhfuil sé beartaithe é a thabhairt isteach chun na roghanna do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a leathnú i ndáil leis sin. Faoi réir a bharúlacha i míreanna 2.1.6, 2.2.1 agus 2.2.2, is díol sásaimh do BCE go n-aithnítear rogha na mbanc ceannais ar leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) iad cinneadh a dhéanamh maidir le seirbhísí a thairiscint (nó gan iad a thairiscint) chun cistí úsáideoirí agus cistí sonraithe eile a chosaint.

([3]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch 35).

([4]) Rialachán (AE) 2024/886 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 260/2012 agus (AE) 2021/1230 agus Treoracha 98/26/CE agus (AE) 2015/2366 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (IO L, 2024/886, 19.3.2024, ELI: eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202400886).

([5]) Féach Tuairim CON/2023/4 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Feabhra 2023 maidir le togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 260/2012 agus (AE) 2021/1230 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (IO C 106, 22.3.2023, lch. 2). Foilsítear tuairimí uile BCE ar EUR-Lex.

([6]) Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).

([7]) Féach an phreaseisiúint ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 7 Samhain 2023 'Íocaíochtaí meandracha: an Chomhairle agus an Pharlaimint tagtha ar chomhaontú sealadach', ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag www.consilium.europa.eu.

([8]) Féach Airteagal 4, pointe (4), de PSD2.

([9]) Féach Treoir 2009/110/CE an 16 Meán Fómhair 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuama a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

([10]) Féach Airteagal 46 den Treoir atá beartaithe.

1.6 Is díol sásaimh do BCE an tsoiléireacht mhéadaithe sna rialacha maidir le 'baincéireacht oscailte' atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcreat baincéireachta oscailte ach is mian leis roinnt barúlacha sonracha a thabhairt ina leith sin.

1.7 Is díol sásaimh do BCE go n-eisiatar ceanglais cheadúnúcháin d'oibreoirí córas íocaíochta agus scéimeanna íocaíochta ó raon feidhme na ngníomhartha atá beartaithe agus tacaíonn sé le deimhniú an eisiaimh sin i gcomhthéacs athbhreithnithe a dhéanfar orthu amach anseo.

1.8 Creideann BCE go mbeadh sé tábhachtach do reachtóir an Aontais machnamh a dhéanamh ar an idirghníomhú idir na gníomhartha atá beartaithe agus Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]). Sa chomhthéacs sin, is saincheist ar fiú aird a thabhairt uirthi é an caidreamh idir comharthaí ríomh-airgid, de réir bhrí Rialachán (AE) 2023/1114, agus gnáth-ríomh-airgead. Ba cheart comharthaí ríomh-airgid a mheas mar ríomh-airgead, agus ba cheart déileáil leo amhlaidh, rud a chiallaíonn gur cheart feidhm a bheith ag na ceanglais stuamachta is infheidhme sa treoir atá beartaithe maidir leo, mar aon le coimircí an rialacháin atá beartaithe ar mhaithe le tomhaltóirí. Thairis sin, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí breise atá le déanamh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag soláthar seirbhísí cripteaiasachtaithe ar fud an Aontais, nach n-áirítear faoi láthair i liosta na seirbhísí cripteashócmhainní faoi Rialachán (AE) 2023/1114, ná nach gcumhdaítear in aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

1.9 Tugann BCE faoi deara go bhfuil grúpaí móra neamhbhainc, lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn teicneolaíocht airgeadais ('cuideachtaí teicneolaíochta airgeadais') agus iad siúd a d'fhéadfaí a mheas a bheith i measc na gcuideachtaí teicneolaíochta is ceannasaí agus is mó ina n-earnálacha faoi seach ('mórchuideachta teicneolaíochta'), ag méadú a ngníomhaíochtaí airgeadais laistigh den Aontas, ag tosú de ghnáth trí sheirbhísí íocaíochta a sholáthar. Tá a gcuid gníomhaíochtaí fite fuaite le hinstitiúidí airgeadais agus d'fhéadfadh tionchar tábhachtach a bheith acu ar institiúidí creidmheasa freisin: is féidir leo seibhísí atá in iomaíocht lena chéile a thairiscint, bheith ina soláthraithe seirbhísí seanchfhoinsithe, seirbhísí cúloifige a sholáthar d'institiúidí creidmheasa, gníomhú mar ghníomhairí thar ceann institiúidí creidmheasa, bheith ina gcliaint trí chistí a thaisceadh nó creidmheas a ghlacadh, gníomhú mar chomhpháirtithe le haghaidh samhlacha gnó nuálacha nó bheith mar chuid de ghrúpa comhdhlúite institiúide creidmheasa. I gcásanna áirithe, oibríonn na grúpaí neamhbhainc sin trí líonra eintiteas dlíthiúil ceadúnaithe éagsúil, lena n-áirítear institiúidí íocaíochta agus ríomh-airgid, ar fud na mBallstát. Tagann castacht bhreise chun cinn i gcás ina soláthraíonn grúpa seirbhísí airgeadais rialáilte eile freisin, mar shampla trí ghníomhú mar ghníomhaire nó mar bhróicéir d'eintitis faoi mhaoirseacht, nó i gcás ina bhfuil grúpa gníomhach i seirbhísí airgeadais agus neamhairgeadais araon (grúpa gníomhaíochtaí measctha), toisc go bhféadfadh rioscaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí neamhairgeadais tionchar a bheith acu ar an institiúid íocaíochta/ríomh-airgid nó ar eintitis airgeadais rialáilte eile. I gcás institiúidí íocaíochta/ríomh-airgid, d'fhéadfadh rioscaí iarmharta teacht chun cinn, mar shampla, nuair a bhíonn an institiúid íocaíochta ag brath ar bhonneagar TF an ghrúpa nó má dhéanann saincheisteanna clú difear don ghrúpa iomlán. Is féidir le grúpaí gníomhaíochtaí measctha raon seirbhísí éagsúla a thairiscint do chustaiméirí príobháideacha agus do rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa agus, mar gheall ar a gcaipitliú margaidh agus a mbunachar mór úsáideoirí agus a líonra mór atá ann cheana, tá sé d'acmhainn acu a ngníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí airgeadais a mhéadú go héasca. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh do BCE na breithnithe atá leagtha amach ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) ina dtuarascáil maidir le soláthar seirbhísí airgeadais díreacha ag mórchuideachtaí teicneolaíochta ([12])san Aontas. Thairis sin, mar atá leagtha amach ag na hÚMEnna, d'fhéadfadh rioscaí comhchruinnithe don mhargadh airgeadais a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí chuideachtaí mórtheicneolaíochta lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([13])lena leagtar béim ar a thábhachtaí atá slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a thacaíonn le próisis ghnó na n-eintiteas airgeadais ([14]).

([11]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40). Féach fonóta 12 a ghabhann le Tuairim CON/2021/4 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2021 maidir le togra le haghaidh rialachán maidir le Margaí Criptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (IO C 152, 29.4.2021).

([12]) Féach 'Report on 2023 stocktaking of BigTech direct financial services provision in the EU' [Tuarascáil maidir le stocáireamh 2023 ar sholáthar seirbhísí airgeadais díreacha ag mórchuideachtaí teicneolaíochta san Aontas Eorpach], Tuarascáil Chomhpháirteach na n-ÚMEnna, an 1 Feabhra 2024, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) ag www.esma.europa.eu.

([13]) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

([14]) Féach 'Tuarascáil ar stocáireamh 2023 ar sholáthar seirbhísí airgeadais díreacha ag mórchuideachtaí teicneolaíochta san Aontas', mír 34, leathanach 14.

1.10 D'fhéadfadh sé gur mhian le reachtóir an Aontais machnamh a dhéanamh ar na rioscaí sin agus ar bhreithnithe maidir le cothrom iomaíochta agus raon feidhme ceadúnas éagsúil á mheas, lena n-áirítear i réimse na híocaíochta. Go háirithe, ó thaobh íocaíochta de, bheadh sé inmholta cothrom iomaíochta a áirithiú maidir le húsáid agus comhroinnt sonraí, go háirithe i gcás ina gceadófaí d'eintiteas ról nua mar SSI a chur leis an ngnó atá aige cheana. Mar mhaoirseoir baincéireachta, is cúis imní do BCE nach gá gur ceapadh na creataí stuamachta agus comhdhlúthaithe atá ann cheana agus na forbairtí sin á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh grúpaí móra casta neamhbhainc seirbhísí a sholáthar a dhealródh, prima facie, a bheith cosúil leis na seirbhísí a sholáthraíonn institiúidí creidmheasa gan a bheith faoi réir na gceanglas stuamachta céanna. Cé nach cleachtas comhchuibhithe é ar fud an Aontais, is díol sásaimh do BCE go gcuireann Ballstáit éagsúla roinnt ceanglas stuamachta i bhfeidhm cheana féin maidir le hinstitiúidí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí ar nós baincéireachta. Is amhlaidh atá, mar shampla, sa Fhrainc, i gcás nach mór d'institiúidí íocaíochta a dheonaíonn iasachtaí atá coimhdeach le soláthar seirbhísí íocaíochta ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([15])maidir le méid foriomlán na gcreidmheasanna arna ndeonú ([16]). Mar sin féin, fiú sna cásanna sin, ciallaíonn easpa cur chuige comhchuibhithe ar fud an Aontais go bhféadfadh sé nach dtabharfaí aghaidh fós ar rioscaí tábhachtacha stuamachta, toisc nach bhfuil sainordú iomchuí ag na húdaráis mhaoirseachta ábhartha le haghaidh gníomhaíochtaí ar fud an ghrúpa agus gníomhaíochtaí trasteorann. Is ábhar imní é sin maidir le cothrom na féinne agus arbatráiste rialála. Dá bhrí sin, iarrann BCE ar reachtóir an Aontais machnamh a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an mbealach is fearr chun a áirithiú go gcuirfear údaráis inniúla ar an eolas go leordhóthanach maidir le gach gníomhaíocht airgeadais dhíreach agus indíreach (e.g. gníomhaire, bróicéir) a dhéanann grúpaí móra casta neamhbhainc, agus go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha a chomhroinnt go cuí idir na húdaráis inniúla. Is ansin amháin a bheifear in ann faisnéis a chomhiomlánú chun forbhreathnú cuimsitheach a bhunú ar ghníomhaíochtaí airgeadais na ngrúpaí sin san Aontas agus chun a áirithiú go n-oibreoidh siad laistigh de theorainneacha an chreata rialála. Má fuarthas amach go soláthraíonn grúpaí casta neamhbhainc raon leathan seirbhísí suntasacha airgeadais san Aontas, ar seirbhísí iad a sháraíonn tairseacha áirithe agus a sholáthraíonn seirbhísí atá an-chosúil leis na seirbhísí a sholáthraíonn institiúidí creidmheasa, d'fhéadfadh sé gur mhian le reachtóir an Aontais breithniú a dhéanamh ar mhaoirseacht uileghrúpa níos déine agus níos cuimsithí a thabhairt isteach ([17]). Iarrann BCE ar reachtóir an Aontais machnamh a dhéanamh, ar an dara dul síos, ar na nithe seo a leanas a leathnú sa treoir atá beartaithe: (1) raon agus úsáid uirlisí maoirseachta lena n-áirítear an cumas ceanglais chomhdhlúthaithe stuamachta a fhorchur ar ghrúpaí institiúidí íocaíochta agus institiúidí íocaíochta a chur faoi leachtú, agus (2) an córas stuamachta is infheidhme maidir leis na hinstitiúidí íocaíochta sin. Ba cheart tuairisciú riosca caighdeánaithe a áireamh sna bearta atá le húsáid; ceanglais iomchuí maidir le cistí dílse rioscabhunaithe; ceanglais maidir le leachtacht, pleanáil téarnaimh agus tástáil struis; cosaint ar rioscaí neamhairgeadais; agus comhar feabhsaithe agus malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla ábhartha.

1.11 Cuireann BCE in bhfios go bhfuil an tuairim seo gan dochar don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú an euro dhigitigh ([18]) agus don togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), a bhfuil tuairim ar leithligh glactha ag BCE ina leith ([20]).

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([16]) Féach Arrêté du 29 octobre 2009 portant sur la réglementation prudentielle des établissements de paiement, titre II, chapitre 1er, alt 2 (Fonds propres relatifs aux opérations de crédit), airteagal 33, tel que modifié, JORF n° 0253 du 31 octobre 2009, texte n° 10.

([17]) Féach 'Freagairt ón gComhúdarás Maoirseachta Eorpach ar Ghlao an Choimisiúin Eorpaigh ar Chomhairle i mí Feabhra 2021 maidir le hairgeadas digiteach agus saincheisteanna gaolmhara:rialáil agus maoirseacht ar shlabhraí luacha, ardáin agus cuachadh seirbhísí airgeadais éagsúla atá níos ilroinnte nó neamh-chomhtháite, agus rioscaí grúpaí ina gcomhcheanglaítear gníomhaíochtaí éagsúla', an 31 Eanáir 2022 (CEC 2022 01), ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA ag www.esma.europa.eu.

([18]) COM(2023) 369 final.

([19]) COM(2023) 368 final.

([20]) Féach Tuairim CON/2023/34 ón mBanc Ceannais Eorpach an 31 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an euro digiteach (IO C, C/2024/669, 12.01.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/669/oj).

1.12 Ba mhian le BCE, in éineacht leis an gCoimisiún agus le ÚBE, go gcuirfí ar an eolas é faoi na bearta réamhchúraim arna nglacadh ag na Ballstáit óstacha i gcomhthéacs cásanna éigeandála ([21]).

1.13 Ar deireadh, de bhun na ngníomhartha atá beartaithe ([22]), ní chlúdófaí fós seirbhísí íocaíochta a d'fhéadfadh BCE agus bainc cheannais CEBC a sholáthar agus iad ag gníomhú ina gcáil mar údarás airgeadaíochta nó mar údaráis phoiblí eile ([23]).

2. **Córais íocaíochta agus cistí a chosaint**

2.1 *Rochtain ar chórais íocaíochta*

2.1.1 Foráiltear sa Chonradh agus Prótacal (Uimh. 4) a ghabhann leis an gConradh ar Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta), a bhfuil dlúthnasc eatartha agus cúraimí bunúsacha beartais airgeadaíochta an Eurochórais, go ndéanfaidh an tEurochóras maoirseacht ar chórais imréitigh agus íocaíochta mar chuid dá shainordú. De bhun Airteagal 127(2), an ceathrú fleasc, den Chonradh, mar a léirítear in Airteagal 3(1) de Reacht CEBC, tá cur chun cinn oibriú rianúil na gcóras íocaíochta ar cheann de na bunchúraimí atá le cur i gcrích trí CEBC. I gcomhlíonadh an bhunchúraim sin, féadfaidh BCE agus na BCNanna saoráidí a chur ar fáil, agus féadfaidh BCE rialacháin a dhéanamh, chun córais éifeachtúla fhónta imréitigh agus íocaíochtaí laistigh den Aontas agus le tíortha eile a áirithiú ([24]).

2.1.2 De bhun a róil maoirseachta, ghlac BCE Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/28) ([25]). Leis an Rialachán sin, cuirtear chun feidhme na prionsabail do bhonneagair an mhargaidh airgeadais a d'eisigh an Coiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús ([26]), agus cumhdaítear córais íocaíochta miondíola mórluacha agus córais íocaíochta miondíola a bhfuil tábhacht shistéamach leo, arna n-oibriú ag banc ceannais an Eurochórais nó ag eintiteas príobháideach. Ina theannta sin, déantar maoirseacht ar chórais íocaíochta neamhshistéamacha bunaithe ar chreat formhaoirseachta do chórais íocaíochta miondíola ([27]). Thairis sin ([28]), sainaithnítear ionstraimí íocaíochta i gcreat beartais formhaoirseachta an Eurochórais mar 'cuid chomhtháite de chórais íocaíochta' agus dá bhrí sin áirítear ionstraimí den sórt sin laistigh de raon feidhme a fhormhaoirseachta, mar aon le córais íocaíochta, scéimeanna íocaíochta agus socruithe íocaíochta ([29]). I bhfianaise a shainordaithe, féadfaidh BCE tuilleadh rialachán a dhéanamh, agus déanann sé athbhreithnithe rialta chun a sheiceáil an gcumhdaíonn raon feidhme na maoirseachta na feidhmeanna agus na heintitis ábhartha uile san éiceachóras íocaíochta. Go dtí seo, sanntar ról an phríomh-mhaoirseora don Eurochóras trí thagairt a dhéanamh d'ancaire náisiúnta na scéime íocaíochta agus d'ionchorprú dlíthiúil a chomhlachta rialachais. Maidir le córais íocaíochta, scéimeanna nó socruithe uile-Eorpacha, is gnách gurb ag BCE atá an príomhról maoirseachta. Tá SSIanna, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid, faoi réir PSD2. Comhlánaíonn creataí formhaoirseachta an Eurochórais maoirseacht ar SSIanna, i gcás inar oibreoir córais íocaíochta nó scéim íocaíochta nó comhlacht rialachais socraithe íocaíochta iad freisin.

2.1.3 I bhfianaise ról na n-institiúidí íocaíochta agus na n-institiúidí ríomh-airgid i soláthar seirbhísí íocaíochta, is díol sásaimh do BCE na leasuithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta ([30]), arb é is aidhm dóibh catagóirí na rannpháirtithe i gcóras íocaíochta arna ainmniú chun críocha na Treorach maidir le Críochnaitheacht Socraíochta a leathnú ([31]).

([21]) Féach Airteagal 32(4) den Treoir atá beartaithe.
([22]) Féach Airteagal 2(1), pointe (d), agus Airteagal 2(2), pointe (g), den rialachán atá beartaithe, agus Airteagal 2(12) den treoir atá beartaithe.
([23]) Féach Airteagal 1(1), pointe (e), de PSD2.
([24]) Airteagal 22 de Reacht CEBC.
([25]) Rialachán ón mBanc Ceannais Eorpach (AE) Uimh. 795/2014 an 3 Iúil 2014 maidir le ceanglais um maoirseacht do chórais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo (ECB/2014/28) (IO L 217, 23.7.2014, lch. 16).
([26]) Ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta ag www.bis.org.
([27]) Ar fáil ar shuíomh Gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu
([28]) Ar fáil ar shuíomh Gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu
([29]) Féach creat formhaoirseachta athbhreithnithe agus comhdhlúite an Eurochórais le haghaidh ionstraimí, scéimeanna agus socruithe íocaíochta leictreonacha (creat PISA) atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.
([30]) Féach Airteagal 46 den treoir atá beartaithe (lena leasaítear Airteagal 2, pointí (b) agus (f), den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta).
([31]) Tá na leasuithe atá beartaithe i gcomhréir le mír 7 de straitéis íocaíochtaí miondíola an Eurochórais (2021).

2.1.4 Leis na leasuithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta, éascaítear rannpháirtíocht institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid (dá ngairtear le chéile 'institiúidí íocaíochta' sna gníomhartha atá beartaithe) i gcórais íocaíochta ainmnithe tríd an téarma sainithe 'institiúid' ([32]) a athrú, atá mar chuid den sainmhíniú ar 'rannpháirtí' faoin Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta ([33]). I ndáil leis sin, cruthaítear leis an treoir atá beartaithe dhá chatagóir 'institiúid': ar an gcéad dul síos, institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta, údaráis phoiblí agus gnóthais faoi ráthaíocht phoiblí, agus gnóthais a bhfuil a gceannoifig lasmuigh den Aontas agus a gcomhfhreagraíonn a bhfeidhmeanna d'institiúidí creidmheasa an Aontais nó gnólachtaí infheistíochta; agus ar an dara dul síos, institiúidí íocaíochta atá rannpháirteach i gcóras arb é a ngnó orduithe aistrithe a chur i gcrích arb é atá iontu treoracha ó rannpháirtí méid airgid a chur ar láimh faighteora trí iontráil leabhair ar chuntais institiúid chreidmheasa, BCN, contrapháirtí lárnach nó gníomhaire socraíochta, nó treoracha as a dtagann urscaoileadh oibleagáidí íocaíochta, ach nach n-áirítear treoracha ó rannpháirtithe an teideal nó an leas in urrúis a aistriú trí iontráil leabhair ar chlár nó ar shlí eile. Ón sainmhíniú deighilte sin ar 'institiúid' faoi na leasuithe ar an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta, aithníonn BCE rún soiléir reachtóir an Aontais rannpháirtíocht institiúidí íocaíochta a theorannú do 'chórais íocaíochta' amháin, agus gan an rannpháirtíocht sin a leathnú chuig córais eile. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, bheadh sé ina chabhair, i gcomhréir leis an rún soiléir sin, a shoiléiriú go sainráite nach gcuimsíonn rannpháirtíocht institiúidí íocaíochta a rannpháirtíocht i gcontrapháirtithe lárnacha.

2.1.5 Ina theannta sin, tugann BCE dá aire go bhfuil sé beartaithe gur cheart 'oibreoir córais íocaíochta', inter alia, a áireamh sa sainmhíniú ar 'rannpháirtí' faoi leasuithe na Treorach maidir le Críochnaitheacht Socraíochta ([34]). Ba cheart don sainmhíniú sin, i bprionsabal, gach oibreoir córais a chumhdach, agus níor cheart é a bheith teoranta do 'oibreoirí córais íocaíochta' amháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairt neamhaireach ag an dréachtú reatha go gcuirfí bac ar oibreoirí córas socraíochta urrús páirt a ghlacadh i 'gcórais' eile.

2.1.6 I bprionsabal, is díol sásaimh do BCE rún reachtóir an Aontais gur cheart d'oibreoirí córas íocaíochta cothrom iomaíochta a áirithiú do gach SSI a fhaigheann rochtain ar chórais íocaíochta ([35]). Is díol sásaimh do BCE go háirithe an ceanglas atá ar oibreoirí córas íocaíochta ar fud an Aontais rialacha oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha agus comhréireacha a bheith i bhfeidhm acu maidir le rochtain ar chóras íocaíochta, mar aon le soiléirithe ar nósanna imeachta maidir le ligean isteach agus measúnú riosca. Maidir leis an limistéar euro, áfach, ba cheart gur faoi BCE a bheadh sé na critéir rochtana a ghlacadh i ndáil le córais íocaíochta arna n-oibriú ag an Eurochóras, chomh maith leis na coinníollacha ábhartha, lena n-áirítear luach saothair, agus teorainneacha. Thairis sin, measann BCE, i bhfianaise fheidhmíocht neamhspleách CEBC maidir lena chúraimí bunúsacha beartais airgeadaíochta agus lena chórais íocaíochta faoi Airteagal 130 den Chonradh, nár cheart feidhm a bheith ag na ceanglais atá beartaithe maidir le córais íocaíochta a ndéanann bainc cheannais CEBC maoirseacht orthu. Is é is cúis leis sin go bhfreastalaíonn creataí maoirseachta bhainc cheannais CEBC, atá infheidhme faoi láthair maidir le córais íocaíochta, cheana féin, inter alia, ar rochtain neamh-idirdhealaitheach ar chórais íocaíochta.

2.1.7 Maidir le tabhairt isteach na gceanglas is infheidhme maidir le córais íocaíochta ([36]), is díol sásaimh do BCE go n-aithnítear inniúlachtaí maoirseachta an Eurochórais le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo. Mar sin féin, beartaítear leis an rialachán atá beartaithe, i ndáil le córais íocaíochta eile, gur cheart do na Ballstáit údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) a ainmniú chun a áirithiú go n-urramóidh oibreoirí córais íocaíochta agus rannpháirtithe na ceanglais sin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil inniúlachtaí maoirseachta bhainc cheannais CEBC teoranta do chórais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo agus a ndéanann an tEurochóras maoirseacht orthu faoi Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28). Mar a tugadh faoi deara i mír 2.1.1, faoi Airteagal 127(2) den Chonradh, is bunchúram é oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn atá le cur i gcrích trí CEBC. Féadfaidh BCE, de bhun Airteagal 22 de Reacht CEBC, rialacháin a dhéanamh d'fhonn córais éifeachtúla fhónta imréitigh agus íocaíochta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tíortha eile. Mar a tugadh faoi deara i mír 2.1.2, tá creat formhaoirseachta glactha ag an Eurochóras le haghaidh córais íocaíochta miondíola, agus tagann scéimeanna agus socruithe íocaíochta faoi raon feidhme fheidhm

([32]) Féach Airteagal 46(1) den treoir atá beartaithe (lena leasaítear Airteagal 2, pointe (b), den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta).

([33]) Féach Airteagal 46(2) den treoir atá beartaithe (lena leasaítear Airteagal 2, pointe (f), den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta).

([34]) Féach Airteagal 46(2) den treoir atá beartaithe (lena leasaítear Airteagal 2, pointe (f), den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta).

([35]) Féach Airteagal 31 den rialachán beartaithe.

([36]) Féach aithris 32 agus Airteagal 31(7) den rialachán beartaithe.

formhaoirseachta an Eurochórais. Dá bhrí sin, tá bainc cheannais CEBC freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta san Aontas nach bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo. Dá bhrí sin, is cosúil nach gá go gceanglófaí leis an rialachán atá beartaithe ar na Ballstáit ÚINanna a ainmniú, lena bhféadfaí údaráis seachas bainc cheannais CEBC a áireamh, mar na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na gcóras íocaíochta leis na ceanglais maidir le rochtain.

2.2 *Cistí úsáideoirí a choimirciú i mbainc cheannais CEBC*

2.2.1 Tá forálacha sa treoir atá beartaithe maidir leis na socruithe coimirce atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí íocaíochta, i ndáil le cistí úsáideoirí agus cistí sonraithe eile, agus seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid á soláthar acu ([37]). Chun cistí úsáideoirí a choimirciú, ní mór d'institiúidí íocaíochta na cistí sin a thaisceadh i gcuntas ar leithligh in institiúid creidmheasa atá údaraithe i mBallstát, nó ag banc ceannais de rogha an bhainc ceannais sin, nó na cistí sin a infheistiú i sócmhainní slána, leachtacha, ísealriosca, arna gcinneadh ag údaráis inniúla an Bhallstáit baile. Ní mór tairiscint seirbhíse den sórt sin ón mbanc ceannais ábhartha a thuiscint mar rogha bhreise chun cistí úsáideoirí a choimirciú. Bheadh an rogha bhreise sin saor ó riosca creidmheasa agus d'fhéadfadh sí, i bprionsabal, riosca comhchruinnithe a laghdú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag coimirciú cuid de chistí cliant, nó iad go léir fiú, i mbainc cheannais ar chobhsaíocht airgeadais agus ar tharchur beartais airgeadaíochta má dhéantar cistí úsáideoirí a thaisceadh in institiúid chreidmheasa aonair nó a infheistiú in aon aicme sócmhainní amháin murach sin. Go sonrach, d'fhéadfadh laghdú ar thaiscí in institiúidí creidmheasa, i measc impleachtaí féideartha eile maidir le cobhsaíocht airgeadais, a bheith mar thoradh ar chistí a thaisceadh i mbainc cheannais seachas in institiúidí creidmheasa, rud a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar a gcistiú agus, dá bhrí sin, an soláthar creidmheasa don gheilleagar a chrapadh. D'fhéadfadh sé freisin go mbeadh drochthionchar ag ath-leithdháileadh cistí ar an mbanc ceannais ar ráta gearrthéarmach an euro (€STR), rud a d'imreodh tionchar ar an ráta tagarmhairc is tábhachtaí maidir le tarchur an bheartais airgeadaíochta. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do BCE go n-aithníonn an reachtóir an rogha atá ag banc ceannais gan seirbhís den sórt sin a thairiscint, bunaithe ar a dhlí orgánach. Faoi réir bharúlacha BCE i mír 2.1.6, ba cheart a shoiléiriú go bhféadfadh tairiscint fhéideartha seirbhíse den sórt sin a bheith faoi réir coinníollacha agus teorainneacha áirithe, lena n-áirítear an ráta luacha saothair, arna shocrú ag an mbanc ceannais i gcomhréir lena dhlí orgánach.

2.2.2 Cuireann BCE i dtábhacht go bhfuil rochtain ar chuntais bhainc cheannais d'institiúidí creidmheasa i gcomhthéacs oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais, nó chun idirbhearta a shocrú trí chórais choimhdeacha i gcomhthéacs sheirbhísí TARGET, bunaithe ar na critéir agus na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach i dTreoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8) ([38]). Faoi láthair, ní mór d'institiúidí íocaíochta a bheith ina gcontrapháirtithe incháilithe den Eurochóras nó oibriú trí bhanc comhfhreagrach le cuntas ag banc ceannais ábhartha an Eurochórais. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do BCE an tagairt sa treoir atá beartaithe do lánrogha an bhainc ceannais.

2.3 *Cistí úsáideoirí a choimirciú in institiúidí creidmheasa nó trí infheistíochtaí sócmhainní sábháilte*

2.3.1 Tá sé ríthábhachtach cistí custaiméirí a choimirciú go hiomchuí chun muinín i seirbhísí íocaíochta a choinneáil ar bun. I gcás ina mbeidh coimirciú na gcistí cumhdaithe ag polasaí árachais nó ag ráthaíocht inchomparáide eile arna soláthar ag cuideachta árachais nó ag institiúid creidmheasa, beidh sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh na soláthraithe polasaí árachais nó na hinstitiúidí creidmheasa sin in ann an méid árachaithe nó ráthaithe a sholáthar sa chleachtas.

2.3.2 Aithníonn BCE go bhforchuirtear leis an rialachán atá beartaithe srianta chun comhchruinniú féideartha cistí úsáideoirí a chosc, lena gceanglaítear ar institiúidí íocaíochta riosca comhchruinnithe a sheachaint a mhéid is féidir trína áirithiú nach n-úsáidfear an modh coimirce céanna le haghaidh iomlán a gcistí coimirce. I bprionsabal, tacaíonn BCE leis sin ach ní mheasann sé go bhfuil fadhbanna ag baint le modh coimirce aonair a úsáid; ina ionad sin, ba cheart díriú ar ghaolmhaireachtaí contrapháirtí agus aicmí sócmhainní a éagsúlú. Go háirithe, is príomhréimsí imní iad a bheith ag brath ar chontrapháirtí coimirce aonair (i.e. institiúid creidmheasa aonair) nó neamhchosaint ar aicme sócmhainní aonair a theorannú. Molann BCE go láidir an rialachán atá beartaithe a

([37]) Féach aithris 31 agus Airteagal 9 den rialachán beartaithe.

([38]) Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíorama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna agus lena n-aisghairtear Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84).

shoiléiriú dá réir, chun a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí íocaíochta éagsúlú (1) ar fud modhanna coimircithe agus/nó (2) laistigh de mhodh ar leith. Mar sin féin, chun an tionchar ar SSIanna beaga neamhbhainc a laghdú, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar na díolúintí roghnacha a leagtar síos in Airteagal 34(1) a chur i bhfeidhm maidir le modhanna coimirce a éagsúlú. I gcás na gcistí sin a d'fhéadfadh a bheith cosanta ag banc ceannais, níl gá le haon éagsúlú laistigh den mhodh sin, toisc nach bhfuil riosca comhchruinnithe ag baint le bainc cheannais.

2.3.3 Chuige sin, is díol sásaimh do BCE go bhfuil sainordú ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le rioscaí a sheachaint agus cistí custaiméirí á gcoimirciú. Ba cheart na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt i ndlúthchomhar le BCE chun dea-chleachtais a bhaint amach lena ndéantar riosca comhchruinnithe agus riosca creidmheasa a chothromú. Ós rud é gur mó breithnithe maidir le riosca creidmheasa ná breithnithe maidir le riosca comhchruinnithe, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr i gcásanna áirithe coimirciú a cheadú in institiúid chreidmheasa amháin seachas in dhá institiúid chreidmheasa a bhfuil rátálacha níos ísle acu. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú nach mbaineann an caighdeán teicniúil rialála ach leis na cistí a choimirciú in institiúidí creidmheasa agus i sócmhainní sábháilte, agus nach mbaineann sé le coimirciú a dhéanamh i mbainc cheannais.

2.3.4 Tugann BCE dá aire na ceanglais a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe, lena dteorannaítear na forais ar ar féidir le hinstitiúid creidmheasa diúltú cuntas íocaíochta a oscailt, nó ar a gceadaítear di cuntas íocaíochta a dhúnadh, d'institiúid íocaíochta, dá gníomhairí nó dá dáileoirí nó d'iarratasóir ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta. Sa chomhthéacs sin, ní mór a áirithiú go mbeidh uirlisí leordhóthanacha ar fáil d'institiúidí creidmheasa chun na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu nó a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta orthu i ndáil leis an gceanglas sin a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear riosca comhchruinnithe agus riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta. Ní mór aird chuí a thabhairt freisin ar na ceanglais atá ar institiúidí creidmheasa a rioscaí a bhainistiú nuair a fhorbraíonn ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla ina sonraítear an fhaisnéis atá le bheith sa réasúnaíocht a thacaíonn le cinneadh institiúide creidmheasa diúltú cuntas íocaíochta a oscailt nó a dhúnadh.

3. Faireachán agus tuairisciú calaoise, fíordheimhniú láidir custaiméara, baincéireacht oscailte, cumhachtaí idirghabhála sealadacha ÚBE, agus caighdeáin theicniúla rialála maidir le fíordheimhniúchán, cumarsáid agus faireachán ar idirbhearta

3.1 *Faireachán agus tuairisciú calaoise*

3.1.1 Tá an-tábhacht ag baint le hiarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar chalaois íocaíochta ([39]). Ba cheart aird a thabhairt freisin ar thaobh an íocaí a áireamh i sásraí faireacháin ar idirbhearta. I ndáil leis sin, níl sé soiléir an bhfuil sé beartaithe go n-oibreoidh an sásra faireacháin ar idirbhearta i bhfíor-am, rud a thacódh BCE leis, i bprionsabal. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur mhian le reachtóir an Aontais breithniú a dhéanamh, tar éis measúnú tionchair a dhéanamh, ar cheanglas maidir le fógra a thabhairt isteach do SSInna i ndáil le hidirbhearta arna dtionscnamh ag íocaithe, d'fhonn, inter alia, úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (USInna) a chosaint ar idirbhearta calaoiseacha.

3.1.2 Tacaíonn BCE leis na ceanglais bhreise maidir le comhroinnt sonraí 'iar-fhorghníomhaithe' do SSInna tar éis fógra a thabhairt faoi idirbhearta íocaíochta calaoiseacha ([40]). D'fhéadfadh sé gurbh fhiú ceanglas breise a mheas chun comhroinnt sonraí ábhartha idir na SSInna lena mbaineann a éascú i gcás aistrithe creidmheasa neamhbheartaithe.

3.1.3 Tugann BCE dá aire an córas dliteanais i ndáil le calaois pearsantaithe atá le bunú faoin rialachán atá beartaithe ([41]). Chun a áirithiú nach mbeidh SSInna faoi dhliteanas ach i gcomhréir lena leibhéal rialaithe don chineál sin calaoise, tuigeann BCE nach bhfuil sé i gceist leis an gcóras atá beartaithe ach cásanna casta sofaisticiúla calaoise a chumhdach, i gcás nár leor aon mhéid oideachais do chustaiméirí ó na SSInna ná dícheall cuí ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta dea-chreidimh chun calaois pearsanaithe a bhrath, agus nach gcumhdaítear leis cineálacha eile pearsanaithe seachas calaois pearsanaithe bainc.

([39]) Féach Airteagal 83(1) agus (2) den rialachán beartaithe.
([40]) Féach Airteagal 83(3) den rialachán beartaithe.
([41]) Féach Airteagal 59 den rialachán atá beartaithe.

3.1.4 Mar chúlra, rinne BCE Meabhrán Tuisceana le ÚBE, leis na ÚINanna ábhartha agus leis na BCNanna chun tuairisciú sonraí calaoise íocaíochta nach mór do ÚINanna a sholáthar do BCE agus do ÚBE i gcomhréir le PSD2 ([42]) a chuíchóiriú, trí thuairisciú aonair ar shonraí calaoise íocaíochta chuig BCE (a tharchuireann chuig ÚBE ina dhiaidh sin é). Is féidir an socrú sin a dhéanamh toisc go bhfuil na ceanglais tuairiscithe mhionsonraithe is infheidhme maidir le sonraí calaoise íocaíochta faoi Threoirlínte ÚBE maidir le ceanglais tuairiscithe le haghaidh sonraí calaoise faoi Airteagal 96(6) PSD2 (EBA/GL/2018/05) ([43]) agus Rialachán (AE) Uimh. 1409/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2013/43) ([44]) (dá ngairtear 'an Rialachán maidir le Staidreamh Íocaíochta BCE' anseo feasta) comhsheasmhach. Dá bhrí sin, molann BCE go láidir gur cheart na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme atá le forbairt faoin rialachán atá beartaithe a ailíniú a mhéid is féidir leis na ceanglais dá bhforáiltear faoin Rialachán maidir le Staidreamh Íocaíochta BCE. Thairis sin, molann BCE gur cheart do SSInna na hoibleagáidí tuairiscithe faoin rialachán atá beartaithe ([45]), agus i gcás inarb ábhartha na dréachtchaighdeáin theicniúla fhorlíontacha, a chomhlíonadh trí ghiaráil a dhéanamh ar an gcreat tuairiscithe agus ar an mbonneagar arna mbunú faoin Rialachán maidir le Staidreamh Íocaíochta BCE agus faoin Meabhrán Tuisceana. Molann BCE freisin gur cheart a cheangal ar ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla a fhorbairt i ndlúthchomhar le BCE.

3.2 *Fíordheimhniú láidir custaiméara*

3.2.1 Faoin rialachán atá beartaithe, maidir le dhá eilimint nó níos mó a aicmítear mar eolas, seilbh agus fréimhíocht, ar a mbunófar fíordheimhniú láidir custaiméara, ní gá go mbaineann siad le catagóirí éagsúla fad a chaomhnaítear a neamhspleáchas go hiomlán ([46]). I ndáil leis sin, cuireann BCE i dtábhacht go moltar i dTuairim ÚBE maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán teicniúil rialála maidir le SCA agus CSC (EBA-Op-2018-04) ([47]) (dá ngairtear 'Tuairim ÚBE' anseo feasta) cur chuige difriúil maidir le fíordheimhniú láidir custaiméara faoina gcaithfidh na heilimintí fíordheimhnithe a bheith faoi dhá chatagóir éagsúla ([48]). Tacaíonn an cur chuige seo le leibhéal níos airde cosanta i gcoinne calaoise. Os a choinne sin, bheadh ceanglais slándála nach mbeadh chomh dian céanna mar thoradh ar na forálacha faoin rialachán atá beartaithe agus, dá bhrí sin, bheadh tionchar diúltach acu ar chosaint chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar chalaois. Dá réir sin, molann BCE an rialachán atá beartaithe a leasú chun a shoiléiriú gur cheart do SSInna fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as dhá ghné neamhspleácha ar a laghad ó chatagóirí éagsúla.

3.2.2 Tacaíonn BCE go ginearálta leis an mbreithniú a dhéantar sa rialachán atá beartaithe ar leasanna na ndaoine is leochailí sa tsochaí, chomh maith leis na ceanglais láidre inrochtaineachta maidir le fíordheimhniú custaiméara a leagtar amach ann ach ba dhíol sásaimh dó tuilleadh béime agus soiléirithe maidir lena riachtanais speisialta chun é a dhéanamh níos éasca do na daoine sin fíordheimhniú láidir custaiméara a úsáid.

3.3 *Baincéireacht oscailte*

3.3.1 Is díol sásaimh do BCE na hiarrachtaí chun éiginnteacht sa mhargadh a laghdú maidir lena bhfuil i gceist le 'bacainn thoirmiscthe' ar sholáthar seirbhísí tionscanta íocaíochta agus seirbhísí faisnéise cuntas. Go sonrach, tá liosta neamh-uileghabhálach sa rialachán atá beartaithe de bhacainní ar rochtain ar shonraí, ar liosta é atá níos faide ná na bacainní a bhí in ionstraimí ÚBE roimhe seo ([49]).

([42]) Féach Airteagal 96(6) de PSD2.
([43]) Ar fáil ar shuíomh Gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.
([44]) Féach Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I, Cuid 1.1, Táblaí 5a agus 5b, Cuid 2.4.1, Cuid 2.4.2 agus Iarscríbhinn III, Táblaí 5a agus 5b de Rialachán (AE) Uimh. 1409/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach an 28 Samhain 2013 maidir le staidreamh íocaíochtaí (BCE/2013/43) (IO L 352, 24.12.2013, lch. 18).
([45]) Féach Airteagal 82 den rialachán beartaithe.
([46]) Féach Airteagal 3(35) agus Airteagal 85(12) den rialachán beartaithe.
([47]) Ar fáil ar shuíomh Gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.
([48]) Féach míreanna 33 agus 34 de Thuairim ÚBE.
([49]) Féach Airteagal 44 den rialachán beartaithe.

3.3.2 Mar sin féin, ní mheastar gur bacainn thoirmiscthe é ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus ar sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a gcuid sonraí teagmhála a réamhchlárú i gcás ina bhfuil réamhchlárú fíor-riachtanach, go háirithe chun an 'deais' a thabhairt cothrom le dáta. Ós rud é gur dócha go ndéanfadh soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta agus soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas faisnéis nuashonraithe a mhalartú le ASPSP tar éis dó idirghníomhú leis an ASPSP sin, i.e. le linn idirbheart custaiméara leis an ASPSP sin, ba cheart don ASPSP an próiseas a dhearadh ar bhealach nach gcuireann bac ar an gcustaiméir úsáid a bhaint as a cheart chun soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta nó soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas a úsáid. Dá bhrí sin, molann BCE an fhoráil ábhartha a leasú ([50]) ionas go ndéanfar an réamhchlárú chun críche na deais gan cur isteach ar thuras an chustaiméara.

3.3.3 Ina theannta sin, is díol sásaimh do BCE na leasuithe atá beartaithe maidir leis an rochtain ar shonraí atá ag soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas ar chuntais íocaíochta a ndéanann siad seirbhísiú orthu ([51]). Mar sin féin, déantar bailiú sonraí maidir le seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear seirbhísí tionscanta íocaíochta agus seirbhísí faisnéise cuntas, a rialáil freisin faoi Rialachán BCE maidir le Staidreamh Íocaíochta. Dá bhrí sin, chun ailíniú idir na creataí ábhartha a áirithiú, molann BCE an rialachán atá beartaithe a leasú chun a cheangal ar ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le sonraí faoi bhaincéireacht oscailte a bheidh le soláthar d'údaráis inniúla i ndlúthchomhar le BCE.

3.3.4 Is díol sásaimh do BCE go ndírítear ar chomhéadain thiomnaithe le haghaidh rochtain ar chuntais íocaíochta, ós rud é gurb í an rochtain atá bunaithe ar chomhéadan feidhmchláir an modh is saincheaptha, is sláine agus is iontaofa chun rochtain a bhaint amach. Tugann BCE dá aire go moltar bearta comhréireachta spriocdhírithe éagsúla, amhail an díolúine faoin rialachán atá beartaithe ([52]), mar shampla le haghaidh ASPSPanna an-bheag nó le haghaidh ASPSPanna ag a bhfuil samhail ghnó shonrach neamhíocaíochtaí ([53]), ón oibleagáid comhéadan tiomnaithe a bheith i bhfeidhm. I ndáil leis sin, tuigeann BCE, má thairbhíonn ASPSP de mhaolú ar an gceanglas comhéadan tiomnaithe a sholáthar ach nach maolú iomlán é ar an gceanglas rochtain ar shonraí cuntas íocaíochta a sholáthar, gur cheart dó rochtain a sholáthar trí cheann de na comhéadain chustaiméirí faoi na coinníollacha a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe ([54]). Ba dhíol sásaimh do BCE dá gcuirfí tuilleadh sonraí ar fáil sa rialachán atá beartaithe agus molann sé oibleagáid a chur ar na ASPSPanna doiciméadacht theicniúil an chomhéadain custaiméara a chur ar fáil chomh maith le saoráid tástála. Molann BCE freisin gur cheart a cheangal ar ÚBE na caighdeáin theicniúla rialála ábhartha a fhorbairt i ndlúthchomhar le BCE ([55]) chun a áirithiú go leagfar amach go soiléir na himpleachtaí a bhaineann le maolú a dheonú agus go ndéanfar leasanna PSUnna a chosaint go cuí i gcónaí.

3.3.5 A mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le comhéadain ([56]), go háirithe ceanglais feidhmíochta, molann BCE na ceanglais seo a leanas a chur isteach chun feidhmiúlacht na gcomhéadan a fheabhsú chun seirbhísí íocaíochta éifeachtúla agus slána a sholáthar: (1) cur le liosta na bhfeidhmiúlachtaí íosta is gá le haghaidh comhéadan faoin rialachán atá beartaithe ([57]) chun a áirithiú go mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta tríú páirtí (TPP) agus íocóir in ann an cuntas íocaíochta inmhianaithe a shainaithint agus a roghnú i gcás ina gcoimeádtar cuntais íocaíochta iolracha le ASPSP; agus (2) fairsinge na faisnéise atá ar fáil trí sheirbhísí faisnéise cuntas a shoiléiriú sa rialachán atá beartaithe ([58]), de réir analaí leis an tsoiléireacht a sholáthraítear do sheirbhísí tionscanta íocaíochta faoin rialachán atá beartaithe ([59]). Thairis sin, sonraíochtaí faoi stiúir an tionscail chun cur chun feidhme an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeánú ([60]), a chomhchuibhiú a thuilleadh, sonraíochtaí nach raibh ar fáil tráth a glacadh PSD2, d'fhéadfaí iad a mheas d'fhonn leibhéal comhchuibhithe na gcomhéadan tiomnaithe a mhéadú. D'fhéadfaí an pointe sin a chur leis na haithrisí a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe ([61]).

([50]) Féach Airteagal 44(1), pointe (e), den rialachán beartaithe.
([51]) Féach Airteagal 48(7) den rialachán beartaithe.
([52]) Féach Airteagal 39 den rialachán beartaithe.
([53]) Féach aithris 62 den rialachán beartaithe.
([54]) Féach Airteagal 45 den rialachán beartaithe.
([55]) Féach Airteagal 39(2) den rialachán beartaithe.
([56]) Féach, go háirithe, Airteagail 35 agus 36 den rialachán beartaithe.
([57]) Féach Airteagal 36(4) den rialachán beartaithe.
([58]) Féach Airteagal 36(3) den rialachán beartaithe.
([59]) Féach Airteagal 36(4), pointí (a) go (e), den rialachán beartaithe.
([60]) Féach Airteagal 35(3) den rialachán beartaithe.
([61]) Féach aithris 58 den rialachán beartaithe.

3.3.6 Tacaíonn BCE le deireadh a chur leis an gceanglas a leagadh amach roimhe seo in PSD2 maidir le hinfhaighteacht cistí a dheimhniú, toisc nár bhain rannpháirtithe sa mhargadh úsáid as. I ndáil leis sin, admhaítear i bhforálacha an rialacháin atá beartaithe maidir le seirbhísí tionscanta íocaíochta cineál deimhnithe maidir le hinfhaighteacht cistí. Sa mhéid nach bhfuil sé spreagtha ag oibleagáidí comhlíonta rialála na SSIanna (e.g. cosaint sonraí), molann BCE athmhachnamh a dhéanamh ar chuimsiú na forála seo, nach gá a bheith ina ghné de sheirbhísí tionscanta íocaíochta.

3.3.7 Ar deireadh, is díol sásaimh do BCE gur clár leictreonach é clár ÚBE maidir le hinstitiúidí íocaíochta, clár ar féidir é a uasghrádú agus a rochtain go héasca trí shuíomh gréasáin oifigiúil ÚBE, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca d'úsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis agus í a chuardach.

3.4 *Cumhachtaí idirghabhála sealadacha ÚBE*

3.4.1 Faoin rialachán atá beartaithe, féadfaidh ÚBE, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha áirithe, toirmeasc nó srian sealadach a chur san Aontas ar chineál áirithe nó ar ghné shonrach seirbhíse nó ionstraime íocaíochta nó seirbhíse nó ionstraime ríomh-airgid ([62]). Sula gcinnfear aon ghníomhaíocht a dhéanamh faoin rialachán atá beartaithe, tá sé beartaithe freisin go dtabharfaidh ÚBE fógra do na húdaráis inniúla faoin ngníomhaíocht atá beartaithe aige. I bhfianaise inniúlacht maoirseachta BCE, lena gcuimsítear córais íocaíochta, ionstraimí íocaíochta (atá ina gcuid lárnach de chórais íocaíochta), scéimeanna íocaíochta agus socruithe íocaíochta ([63]), molann BCE an rialachán atá beartaithe a leasú chun ceanglas a chur san áireamh dul i gcomhairle le BCE maidir le haon chinneadh atá beartaithe.

3.5 *Caighdeán Teicniúil Rialála maidir le fíordheimhniú, cumarsáid agus sásraí faireacháin ar idirbhearta*

3.5.1 Leanann sé ón rialachán atá beartaithe go bhforbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis na ceanglais maidir le fíordheimhniú láidir custaiméara, na ceanglais theicniúla maidir le sásraí faireacháin ar idirbhearta agus na ceanglais maidir le caighdeáin chumarsáide choiteanna agus shlána oscailte chun críocha sainaitheanta, fíordheimhnithe, fógartha agus faisnéise, agus chun bearta slándála a chur chun feidhme, idir ASPSPanna, soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta, soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas, íocóirí, íocaithe agus SSIanna eile ([64]). D'fhéadfadh sé gurbh fhiú raon feidhme an dréachtchaighdeáin theicniúil rialála seo a shonrú a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le caighdeáin chumarsáide choiteanna agus shlána oscailte, ós rud é go n-áirítear forálacha éagsúla go díreach sa rialachán atá beartaithe. I bhfianaise inniúlacht maoirseachta BCE agus an chomhair láidir idir BCE agus ÚBE i réimsí na n-íocaíochtaí agus na calaoise, molann BCE gur cheart do ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt i ndlúthchomhar le BCE.

4. **Bainistíocht malairte eachtraí**

4.1 Is é is aidhm don rialachán atá beartaithe inchomparáideacht a bhaint amach maidir le muirir comhshó airgeadra ([65]). I ndáil leis sin, foráiltear leis an rialachán atá beartaithe gur cheart na muirir mheasta comhshó airgeadra ar aistrithe creidmheasa agus seoltáin airgid a dhéantar laistigh den Aontas agus ón Aontas chuig tríú tír a shloinneadh ar an mbealach céanna, eadhon mar chéatadán marcála suas os cionn na rátaí tagartha malairte eachtraí euro is déanaí atá ar fáil arna n-eisiúint ag BCE nó ag an mbanc ceannais ábhartha. Ina theannta sin, foráiltear leis an rialachán atá beartaithe, i gcás ina ndéantar tagairt do 'mhuirir', gur cheart go gcumhdófaí leis freisin, i gcás inarb infheidhme, muirir 'comhshó airgeadra'.

([62]) Féach Airteagal 104(4) den rialachán beartaithe.
([63]) Féach creat maoirseachta athbhreithnithe agus comhdhlúite an Eurochórais le haghaidh ionstraimí, scéimeanna agus socruithe íocaíochta leictreonacha, Samhain 2021, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.
([64]) Féach Airteagal 89 den rialachán beartaithe.
([65]) Féach Airteagal 50 agus Airteagal 13(1), pointe (f), den rialachán atá beartaithe.

4.2 Mar a thug BCE faoi deara roimhe seo ([66]), ó 1998 i leith d'fhoilsigh BCE rátaí tagartha malairte eachtraí euro (rátaí tagartha BCE) ar bhonn creat a d'fhormheas Comhairle Rialaithe BCE in 1998 agus a leasaíodh ina dhiaidh sin in 2015 ([67]). Cuirtear rátaí tagartha BCE ar fáil mar leas poiblí do shaoránaigh agus d'institiúidí aonair ([68]) agus baineann raon leathan institiúidí úsáid astu. Is é is aidhm do Chreat Rátaí Tagartha BCE sláine rátaí tagartha BCE a chaomhnú trí (1) a n-úsáid chun críocha idirbheart a dhíspreagadh agus (2) a n-úsáid a theorannú do chuspóirí tagartha. Díspreagtar go láidir úsáid a bhaint as rátaí tagartha BCE chun críocha idirbheart agus foilsítear rátaí tagartha BCE chun críocha faisnéise amháin ([69]). I ndáil leis sin, tá sé d'aidhm ag Creat Rátaí Tagartha BCE an difríocht idir rátaí tagartha BCE agus tagarmharcanna rátaí malairte, atá beartaithe chun críocha idirbheart, a threisiú.

4.3 D'fhéadfadh an tagairt do rátaí tagartha BCE sa rialachán atá beartaithe, contrártha do chuspóirí rátaí tagartha BCE, dreasachtaí a chruthú do roinnt rannpháirtithe sa mhargadh chun trádáil a dhéanamh ag rátaí tagartha BCE. Dá bhrí sin, molann BCE gur cheart an tagairt sa rialachán atá beartaithe do rátaí tagartha BCE nó do ráta malairte eachtraí arna eisiúint ag an mbanc ceannais ábhartha ([70]) a bhaint agus tagairt iomchuí do thagarmharc ráta malairte eachtraí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([71]) agus a fhéadfar a úsáid i gcomhthéacs na muirear comhshó airgeadra a chur ina hionad. Le cruinneas agus sláine tagarmharcanna den sórt sin, rud a áirithítear leis an gcóras le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2016/1011, cosnaítear leasanna custaiméirí SSInna agus páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra.

5. **Gnéithe a bhaineann le nótaí bainc**

5.1 *Airgead tirim a bheith ar fáil ag siopaí miondíola (gan ceannach)*

5.1.1 Tuigeann BCE go n-eisiatar ó raon feidhme chur i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe seirbhísí ina soláthraítear airgead tirim i siopaí miondíola tar éis iarraidh shainráite ó USIanna, ach go neamhspleách ar fhorghníomhú aon idirbhirt íocaíochta agus gan aon oibleagáid earraí nó seirbhísí a cheannach ([72]). Ina theannta sin, leis an treoir atá beartaithe ceadaítear airgead tirim a sholáthar i siopaí miondíola go neamhspleách ar aon cheannachán ach beartaítear uasteorainn EUR 50 in aghaidh an idirbhirt aistarraingthe ([73]).

5.1.2 Ní thuigeann BCE go hiomlán an bonn ar ar roghnaíodh tairseach EUR 50. Go háirithe, is ionann an teorainn sin agus an tairseach is ísle dá bhforáiltear sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis na gníomhartha atá beartaithe ([74]). D'fhéadfadh teorainn den sórt sin cur isteach ar sholáthar na seirbhísí sin i gcomparáid le soláthar seirbhísí aisairgid, rud a fhágann gur féidir luach níos airde a aistarraingt de ghnáth.

([66]) Féach Tuairim CON/2021/3 ón mBanc Ceannais Eorpach an 25 Eanáir 2021 maidir le togra le haghaidh rialachán maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas a bhunú (IO C 65, 25.2.2021, lch. 4).

([67]) Féach Creat BCE maidir le rátaí tagartha malairte eachtraí an euro, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([68]) Féach preaseisiúint BCE an 7 Nollaig 2015, 'BCE ag tabhairt isteach athruithe ar rátaí tagartha malairte eachtraí euro', atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu.

([69]) Foráiltear go sainráite i gCreat rátaí tagartha BCE go meastar go gciallaíonn 'an téarma "ráta tagartha" ráta malairte nach bhfuil beartaithe a úsáid in aon idirbheart margaidh, cibé acu go díreach nó go hindíreach (mar thagarmharc foluiteach). Is chun críoch faisnéise amháin atá na rátaí beartaithe.'

([70]) Féach aithris 50, Airteagal 5(2), Airteagal 7, Airteagal 13(1), pointe (f), Airteagal 20, pointe (c)(v), agus Airteagal 24, pointe (b), den rialachán atá beartaithe.

([71]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1). Féach freisin Tuairim CON/2021/3 ón mBanc Ceannais Eorpach an 25 Eanáir 2021 maidir le togra le haghaidh rialachán maidir le híocaíochtaí trasteorann san Aontas (IO C 65, 25.2.2021, lch. 4).

([72]) Féach Airteagal 2(2), pointe (e), den rialachán beartaithe.

([73]) Féach Airteagal 37(1), pointe b, den rialachán beartaithe.

([74]) Féach Iarscríbhinn 9, Roinn 3, a ghabhann leis an measúnú tionchair a ghabhann leis na gníomhartha atá beartaithe.

5.1.3 Is gá soiléiriú a thabhairt ar an gcóras is infheidhme maidir le seirbhísí soláthair airgid i siopaí miondíola gan cheannachán agus os cionn thairseach EUR 50. Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a shoiléiriú: (1) cé acu a bheadh nó nach mbeadh feidhm ag na ceanglais maidir le feidhmíocht seirbhísí soláthair airgid maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta a dhéanann socruithe conarthacha le ceannaithe chun oibríochtaí aistarraingthe airgid a chur i gcrích; agus (2) cé acu ba cheart nó nár cheart caitheamh leis na ceannaithe sin mar ghníomhairí SSI agus iad rannpháirteach i seirbhísí soláthair airgid a mhéid nach ndáileann siad airgead ach go fisiceach thar ceann SSI. Tá na soiléirithe sin tábhachtach freisin i ndáil leis na forálacha maidir le seiceáil barántúlachta agus oiriúnachta de láimh ar nótaí bainc euro arna ndáileadh ag ceannaithe thar ceann SSInna ar thomhaltóirí ([75]). Ba cheart a shoiléiriú freisin ar cheart na seirbhísí soláthair airgid sin ag siopaí miondíola gan cheannachán agus os cionn uasteorainn EUR 50 a shaintréithriú mar cheann de na seirbhísí íocaíochta a liostaítear faoi láthair sa rialachán atá beartaithe ([76]) nó ar cheart seirbhís íocaíochta ad hoc a thabhairt isteach. Na breithnithe a luaitear thuas maidir le haistarraingtí airgid thirim i siopaí miondíola atá os cionn uasteorainn EUR 50, ba cheart feidhm mutatis mutandis a bheith acu maidir le haon taisce airgid thirim i siopaí miondíola.

5.2 *Soláthróirí neamhspleácha BAT*

5.2.1 Chun rochtain leordhóthanach ar airgead tirim a áirithiú agus chun pointí rochtana traidisiúnta ar airgead tirim arna soláthar ag líonra BAT arna oibriú ag institiúidí creidmheasa a chomhlánú, ba cheart leanúint d'imscarthóirí neamhspleácha BAT a dhíolmhú ó raon feidhme chur i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe, a mhéid nach bhfónann siad do chuntas íocaíochta ná nach soláthraíonn siad seirbhís íocaíochta bhreise a liostaítear sa rialachán atá beartaithe ([77]). Mar sin féin, tuigeann BCE go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cóireáil níos stuama a dhéanamh ar imscarthóirí neamhspleácha BAT ó thaobh maoirseachta agus tuairiscithe de, agus ar an gcaoi sin ligean do ÚINanna maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí imscarthóirí neamhspleácha BAT.

5.2.2 Ina theannta sin, agus chun amhras a sheachaint, meastar gur SSInna (nach bhfuil faoi réir údaraithe) imscarthóirí neamhspleácha BAT agus tá siad faoi réir na mbeart is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle ([78]), chomh maith le bearta eile is infheidhme maidir le SSInna (e.g. an creat frithsciúrtha airgid).

5.3 *Cuideachtaí iompair airgid agus cuideachtaí bainistíochta airgid*

5.3.1 Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní eisiatar go sainráite cuideachtaí iompair airgid a iompraíonn airgead tirim go fisiciúil óna raon feidhme, cé go bhforáiltear d'eisiamh den sórt sin faoi PSD2 ([79]).

5.3.2 Ós rud é nach bhfuil ceadúnas mar institiúid íocaíochta ag formhór na gcuideachtaí iompair airgid agus na gcuideachtaí bainistíochta airgid, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag a gclárú mar institiúidí íocaíochta ar earnáil na gcuideachtaí iompair airgid agus na gcuideachtaí bainistíochta airgid agus ar sheoladh a ngnó. In éagmais aon fhorálacha breise a bhaineann le gnó chuideachtaí iompair airgid agus cuideachtaí bainistíochta airgid, tuigeann BCE go bhfanann seirbhísí den sórt sin lasmuigh de raon feidhme na ngníomhartha atá beartaithe. Mar sin féin, chun raon feidhme pearsanta chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá beartaithe a shoiléiriú ar bhealach níos fearr, molann BCE go gcoinneofaí sa treoir atá beartaithe an díolúine dá bhforáiltear in PSD2 maidir le hiompar fisiciúil gairmiúil nótaí bainc agus monaí, lena n-áirítear iad a bhailiú, a phróiseáil agus a sheachadadh.

6. **Sainmhínithe agus forálacha eile**

6.1.1 Tacaíonn BCE leis an sainmhíniú ar théarmaí áirithe sna gníomhartha atá beartaithe chomh maith le soiléiriú ar théarmaí áirithe eile atá sainithe cheana féin in PSD2 ([80]). Ag an am céanna, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'sheirbhísí ríomh-airgid' chun aistarraingt agus fuascailt ríomh-airgid a áireamh, ach amháin a mhéid nach cuid den idirbheart íocaíochta féin iad sin.

([75]) Féach Cinneadh BCE/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Meán Fómhair 2010 (IO L 267, 9.10.2010, lch. maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht (IO L 267, 9.10.2010, lch. 1).

([76]) Féach Iarscríbhinn 1 den rialachán atá beartaithe.

([77]) Féach Iarscríbhinn 1 den rialachán atá beartaithe.

([78]) Féach Airteagal (6) de Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1338/2001 an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 181, 4.7.2001, lch. 6).

([79]) Féach Airteagal 3, pointe (c), de PSD2.

([80]) Mar shampla, le cuimsiú an tsainmhínithe ar 'shainordú' soiléirítear an t-idirdhealú idir dochair dhíreacha agus íocaíochtaí meandracha ag an bpointe idirghníomhaíochta, i.e. ag an bpointe díola fisiciúil agus sa ríomhthráchtáil araon.

6.1.2 Thairis sin, d'fhéadfadh sé gur mhian le reachtóir an Aontais breithniú a dhéanamh ar fhoráil a thabhairt isteach ar dá réir a thugtar cearta agus oibleagáidí don íocóir agus don íocaí atá comhréireach lena róil maidir le haistrithe creidmheasa a phróiseáil.

6.1.3 Is díol sásaimh do BCE an sainmhíniú ar 'aistriú creidmheasa meandrach', a bhainfeadh tairbhe, áfach, as ailíniú breise leis an sainmhíniú in Airteagal 2, pointe (1a), de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([81]). Thairis sin, ba dhíol sásaimh do BCE soiléiriú breise maidir le conas idirdhealú a dhéanamh i dtéarmaí praiticiúla idir 'aistrithe creidmheasa meandracha' agus aistrithe creidmheasa eile, agus a gcoinníollacha faoi seach. Tá sé fíor-riachtanach do SSInna a áirithiú go gcuirtear USInna ar an eolas i gcónaí aon uair a bhíonn aistriú creidmheasa meandrach á thionscnamh acu, agus ar an gcaoi sin cuidiú le USInna idirdhealú a dhéanamh idir na haistrithe creidmheasa sin agus aistrithe creidmheasa eile.

6.1.4 Tacaíonn BCE go láidir leis an bhforáil sa rialachán atá beartaithe do SSInna lena n-áirítear i ráitis cuntas íocaíochta an fhaisnéis is gá chun an t-íocaí a shainaithint gan débhrí, lena n-áirítear tagairt do thrádainm tráchtála an íocaí ([82]). I ndáil leis sin, ba cheart leasú a chur san áireamh chun sainordú a thabhairt gur cheart an dáta a fhaightear an t-ordú íocaíochta a fheabhsú tuilleadh ionas gur cheart an dá dháta a sholáthar don íocóir i gcás nach ionann dáta luacha an dochair agus an dáta a fhaightear an t-ordú íocaíochta. Ar deireadh, maidir leis an ngá atá le sábháilteacht agus éifeachtúlacht ionstraimí íocaíochta nua atá á n-úsáid go huilíoch de réir a chéile a áirithiú, molann BCE gur cheart do reachtóir an Aontais tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar chásanna ina mbeadh an rialachán atá beartaithe teoranta go docht d'idirbhearta íocaíochta cártabhunaithe. Mar shampla, ([83]) beartaítear le foclaíocht reatha an rialacháin atá beartaithe nach mbeidh feidhm ag an sásra trína bhféadfaidh SSI an íocóra méid cistí a bhlocáil ar chuntas íocaíochta an íocóra i gcomhréir le méid na n-idirbheart íocaíochta a bhfuiltear ag súil leis go réasúnta ón íocóir (i gcás inar thug an t-íocóir a thoiliú nó a toiliú an méid sin a bhlocáil) ach amháin maidir le hidirbhearta íocaíochta cártabhunaithe. Measann BCE gur gá feabhas a chur ar fhoirmliú an cheanglais sin, agus ceanglais bhreise a thabhairt isteach, chun cásanna a chuimsiú nach cárta í an ionstraim íocaíochta ach ionstraim íocaíochta eile. Dá bhrí sin, ba dhíol sásaimh do BCE modhnuithe ar an rialachán atá beartaithe, chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag a cheanglais freisin maidir le hionstraimí íocaíochta seachas cártaí, i gcomhréir leis an éabhlóid ar mhodhanna íocaíochta.

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna déanamh in Frankfurt am Main, an 30 Aibreán 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([81]) Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3 .2012, lch. 22).

([82]) Féach Airteagal 16 den rialachán atá beartaithe. Lasmuigh de raon feidhme na ngníomhartha atá beartaithe, d'fhéadfadh sé gur mhian le reachtóir an Aontais machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun a áirithiú go soláthróidh ceannaithe dá SSI, agus go mbeidh siad freagrach as a dtrádainm tráchtála agus a suíomh tráchtála a choinneáil cothrom le dáta.

([83]) Féach Airteagal 61 den rialachán atá beartaithe.